

An Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge

Spreagsmaointe & Moltaí do Thuismitheoirí agus Churamóirí

1. Conas a d'fhéadfaí daoine a spreagadh chun oideachas lán-Ghaeilge a roghnú?

- Feachtas náisiúnta bolscaireachta maidir le feidhmiú agus buntáistí an tumoideachais.
 - Eolas a roinnt maidir leis an tionchar a bheadh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachasúil an pháiste ag an trí leibhéal.
 - Eolas agus taighde a roinnt maidir le buntáistí ag an triú leibhéal agus sa saol oibre
- Soláthar naíonraí agus scoileanna a mhéadú le go mbeidh rogha ag gach teaghlach oideachas lán-Ghaeilge a roghnú ina gceantar áitiúil féin nó laistigh d'achar réasúnta taistil
- Bonn láidir a chur faoi naíonraí chun go mbeidh siad inmharthana agus mar bhunchloch an luaththumoideachais
- Rochtain cheart ar scoileanna lán-Ghaeilge trí chóras bunaithe scoile a thacaíonn le hoideachas lán-Ghaeilge
 - Córas nua bunaithe scoile atá fábhreach don oideachas lán-Ghaeilge agus a chinntíonn go bhfuil rochtain ag teaghlaigh ar scoileanna lán-Ghaeilge ag gach leibhéal
 - Soláthar na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú agus straitéis fhadtréimhseach chéimniúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt do na bearnaí reatha
- Deiseanna cearta bheith ag gach dalta leanúint lena gcuid oideachais i nGaeilge trí na leibhéil
 - Leasú ar an reachtaíocht rollacháin bunscoile le go mbeidh an leanúnachas idir naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge aitheanta agus tacaíocht ann dó
 - Féach moltaí eile i gceist a 2 thíos.
- Infreastruchtúr ceart a bheith ar fáil do na scoileanna chun daltaí a mhealladh (acmhainní, áiseanna facilitspóirt, deiseanna iarscoile, seach-churaclam, srl). Ní mór an soláthar lán-Ghaeilge a bheith ar chomhchaighdeán leis an soláthar Béarla ar bhonn náisiúnta.
- Suíomhanna agus foirgnimh bhuna a chur ar fáil do scoileanna in am trátha le go mbeidh tuismitheoirí in ann pleanáil chun cinn mar is ceart

2. Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge a spreagadh chun leanúint lena gcuid oideachais i meánscoileanna lán-Ghaeilge?

- Forbairt feasachta i measc tuismitheoirí ar bhuntáistí an leanúnachais sa chóras tumoideachais.
- Straitéis a chur i bhfeidhm a thacódh le tuismitheoirí agus daltaí bunscoileanna ar mian leo tabhairt faoin iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge
- Acmhainní oiriúnacha don leanúnachas a chur ar fáil do pháistí ó Rang a 3
- An soláthar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú le go mbeidh páistí in ann leanúint ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

- Infreastruchtúr ceart a bheith ag/timpeall ar na scoileanna chun daltaí a mhealladh (acmhainní, áiseanna spóirt, deiseanna iarscoile, seach-churaclam, srl). Ní mór an soláthar lán-Ghaeilge a bheith ar chomhchaighdeán leis an soláthar Béarla ar bhonn náisiúnta.
- Acmhainní cuí comhaimseartha a bheith ar fáil do mhúinteoirí agus dhaltaí don seomra ranga atá comhchéim leis na tacaíochtaí atá ar fáil do na scoileanna trí mheán an Bhéarla
- Acmhainní agus tacaíochtaí cuí don réimse RSO
- Córas nua bunaithe scoile. Tá an ceann reatha ag déanamh leithcheala orthu siúd ar mian leo OLG.
- Scoileanna neamhspleácha amháin do sholáthar nua don OLG ag an iar-bhunleibhéal le cinntiú go bhfuil eispéireas iomlán tumoideachais ar fáil do gach dalta a roghnaíonn an t-oideachas lán-Ghaeilge
- Córas ceart taistil a chur ar fáil faoin tuath le go mbeidh rochtain ag teaghlaigh ar an OLG
- Suíomhanna agus foirgnimh bhuna a chur ar fáil in am trátha le go mbeidh tuismitheoirí in ann pleanáil chun cinn mar is ceart
- Cianteagaisc/cianfhoghlaim trí cheangal físchomhdhála le Gaelcholáiste le cabhrú le raon níos leithne ábhar a chur ar fáil

3. Céard iad na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a sholáthar?

- Soláthar múinteoirí go ginearálta
 - Córas cuí soláthar múinteoirí a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu agus atá inniúil ar an tumoideachas a chur ar fáil ag gach leibhéal. Painéil ar leith do mhúinteoirí ionaid sa chóras lán-Ghaeilge.
 - Scála tuarastáil ceart a chur ar fáil do mhúinteoirí naíonra agus coinníollacha níos fearr a chur ar fáil.
 - Go léireoidh an Stát an luach ceart ar mhúinteoirí scoile trí thuarastal níos fearr agus aitheantas ar an obair bhreise sa chóras tumoideachais
- Polasaí a chur ar fáil a chabhródh le naíonraí/seirbhísí luathbhlianta bheith ag feidhmiú go heifeachtach agus go hiomlán trí Ghaeilge. Scéim aitheantais a bhunú le bheith aitheanta mar naíonra lán-Ghaeilge a thógann forbairt ghairmiúil riachtanach san áireamh.
- Córas aistrithe tacúil idir naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge
 - Rialachán a thacaíonn le bunscoileanna lán-Ghaeilge ar mian leo tús áite a thabhairt do pháistí a thagann ó naíonraí nó seirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú trí Ghaeilge
 - Deontas ECCE a ardú chun naíonra d'ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí
- Easpa deiseanna do dhaltaí leanúint san OLG de bharr ganntanas scoileanna ag an iar-bhunleibhéal
- Níl polasaí ná treoir shoiléir ón gcigireacht ann maidir le feidhmiú an luath-thumoideachais (cur chuige éagsúil ag gach scoil maidir le tosú ar theagasc foirmiúil an Bhéarla)

4. Conas mar a cheapann tú is féidir an soláthar tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga le RSO i suíomhanna lán-Ghaeilge a fheabhsú?

- Clár feasachta – an teachtaireacht agus an tacaíocht ag léiriú gur féidir agus gur fiú do pháistí le RSO a bheith sa chóras OLG
 - Eolas taighde-bhunaithe agus cothrom le dáta ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltáí maidir leis an tionchar a bheidh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachais a bpáistí
- Clár oiliúna (réamhoiliúint) ar fáil go forleathan a ullmhaíonn múinteoirí naíonraí agus scoileanna le bheith ina speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais (Sainchúrsa fochéime (B.Oid.); módúil éigeantacha sna coláistí oiliúna)
- Breis acmhainní a chur ar fáil don Scéim AIM sna naíonraí
- Seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge do naíonraí agus scoileanna ar a n-áirítear teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, fisiteiripeoirí agus síceolaithe
- Cúrsa oiliúna i nGaeilge dírithe ar chúntóirí riachtanais speisialta oideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge
- Cláir, idirghabhálacha agus acmhainní cuí a chur ar fáil i nGaeilge a thógann cúinsí teanga na bpáistí agus daoine óga san áireamh
- Breis uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha urlabhra agus teanga don suíomh tumoideachais a thógann an suíomh dátheangach san áireamh.
- Níos mó áiseanna digiteacha do pháistí le deacrachtaí foghlama, a bheadh mealltach, agus a éascaíonn an próiseas foghlama, cinn don bhaile san áireamh
- Treoirínite agus acmhainní cuí do RSO sa naíonra agus scoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta
- FGL chuimsitheach agus fhorleathan do mhúinteoirí ar fheidhmiú an luath-thumoideachais agus RSO agus oiliúint éigeantach ar an suíomh tumoideachais do gach soláthróir a chuireann seirbhís ar fáil ag an 3 leibhéal.
- Go bhfuil seirbhísí tacaíochta agus acmhainní fianaise-bhunaithe ar fáil don RSO sa suíomh lán-Ghaeilge ó NEPS agus an NCSE.

5. Cad a cheapann tú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san oideachas lán-Ghaeilge?

- Feachtas náisiúnta bolscaireachta do thuismitheoirí maidir le feidhmiú agus buntáistí an tumoideachais. É seo bheith ar fáil i dteangacha éagsúla freisin.
- Rogha agus deiseanna cuí. Is é an rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san OLG.
- Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise a bheith ar fáil do dhaltáí nach í an Ghaeilge a céad teanga. Samhail EAL mar thacaíocht bhreise. Acmhainní agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil.
- Ardú feasachta ar an gcóras lán-Ghaeilge sna pobail go léir.
- Tacaíochtaí cuí don RSO sa suíomh lán-Ghaeilge agus go mbeadh baill foirne NEPS, an NCSE agus eagraíochtaí eile feasach ar an suíomh tumoideachais agus na tacaíochtaí de dhíth.
- Tacaíochtaí cuí do na scoileanna DEIS a thógann san áireamh coinníollacha teanga na scoile agus leibhéal míbhuntáiste an cheantair
- Clár ceart tacaíochta a chur ar fáil do thuismitheoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS a thógann san áireamh coinníollacha teanga na scoile.
- Go mbeadh deiseanna ar fáil do mhúinteoirí ó chúlraí éagsúla bheith ag obair san earnáil lán-Ghaeilge leis an oiliúint agus tacaíochtaí cuí
- Ranganna Gaeilge a chur ar fáil ar leibhéal éagsúla do thuismitheoirí le cur lena gcuid muiníne maidir le bheith rannpháirteach san oideachas lán-Ghaeilge

6. Conas a d'fhéadfaí naisc níos fearr a chruthú idir an t-oideachas lán-Ghaeilge agus an pobal i gcoitinne chun úsáid na Gaeilge a chothú laistigh den phobal?

- Seirbhísí seachtracha i nGaeilge mar thacaíocht don naíonra/scoil
- Polasaí soiléir agus tacaíocht chuí maidir le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe
- Infreastruchtúr ceart Stáit a thacaíonn le pobail teanga a chruthú agus a chothú timpeall ar na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge
- Deiseanna agus sparántachtaí a chur ar fáil do scoláirí seal a chaitheamh sa Ghaeltacht.